EUROPEAN
CLIMATE
PACT



# Cad é an Comhshocrú **Aeráide Eorpach?**

Sheol an Coimisiún Eorpach an Comhshocrú mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip agus is éard atá ann gluaiseacht daoine atá aontaithe ar son misean coiteann chun Eoraip atá níos inbhuanaithe a thógáil agus cuidiú leis an Aontas a bheith **aeráidneodrach faoi 2050.**

Leis an gComhshocrú, tugtar **daoine aonair, pobail agus eagraíochtaí le chéile** chun an t athrú aeráide a chomhrac agus chun oiriúnú d'iarmhairtí an athraithe sin.

# Cad chuige **ar cheart dul leis an gComhshocrú?**

Tá ról ag gach aon duine sa Chomhshocrú Aeráide, cibé acu ar thús d'aistear gníomhaíochta ar son na haeráide tú nó ag obair cheana féin chun difríocht a dhéanamh.

- **Déan athruithe praiticiúla ar do stíl mhaireachtála féin** ionas go laghdaítear do lorg carbóin
- Gríosaigh do chairde, do theaghlach agus do chomhghleacaithe chun gníomhú ar son **fíorathrú ar an láthair**
- **Aimsigh uirlisí agus acmhainní** chun daoine eile a chur ar an eolas agus oideachas a chur orthu
- **Cuir do thuairimí in iúl do lucht déanta beartais an Aontais** trí imeachtaí maidir leis an gComhshocrú Aeráide
- **Léirigh do thiomantas** don ghníomhú ar son na haeráide agus **tabhair ceannaireacht le dea-shampla**
- Tapaigh deiseanna **chun líonrú, foghlaim ó dhaoine eile agus eolas a chomhroinnt**

**MO DHOMHAN MO GHNÍOMHAÍOCHT ÁR bPLÁINÉAD**



# Conas is féidir liom **páirt a ghlacadh ann?**

Déan monatóireacht ar do lorg carbóin agus laghdaigh é! Tá an Comhshocrú ag feidhmiú i gcomhar le **ActNow**, feachtas de chuid na Náisiúin Aontaithe ag a bhfuil aip lena ndéantar tionchar do ghníomhaíochtaí laethúla a thomhas.

**Glac páirt i ngníomhaíocht ar son na haeráide** i do phobal agus roinn smaointe maidir le conas an todhchaí a dhéanamh inbhuanaithe.

An ndéanann tú ionadaíocht ar eagraíocht atá tiomanta do ghníomhaíocht ar son na haeráide a spreagadh agus daoine eile a ghríosú? Bí i do **Chomhpháirtí den Chomhshocrú**. Fógraítear glaonna nua ar Chomhpháirtithe den Chomhshocrú go tráthrialta.

Bí i **d'Ambasadóir ar son an Chomhshocraithe Aeráide** nó i do Chara den Chomhshocrú chun gníomhaíocht ar son na haeráide a chur chun cinn i do líonra. Fógraítear glaonna nua ar Ambasadóirí ar son an Chomhshocraithe go tráthrialta.

Eagraigh d'**imeacht féin faoin gComhshocrú Aeráide atá gaolmhar** chun plé áitiúil a éascú agus chun smaointe agus réitigh nua a fhiosrú.

Bain úsáid as ár t-**acmhainní** chun eolas soiléir cruinn a scaipeadh faoin athrú aeráide agus faoin ngníomhaíocht ar son na haeráide.

PDF ISBN 978-92-68-12071-2 doi:10.2834/326981 ML-02-24-132-GA-N

# Cén áit ar féidir liom **tuilleadh eolais a fháil?**

Is féidir dul chuig **suíomh gréasáin an Chomhshocraithe Aeráide** chun teacht ar scéalta ó phobal an Chomhshocraithe, acmhainní agus ábhair úsáideacha chun an Comhshocrú a chur chun cinn agus daoine eile a spreagadh chun gníomhú.

Is féidir **clárú lenár nuachtlitir** freisin agus sinn a leanúint ar na meáin shóisialta chun fanacht ar an eolas faoin ngníomhaíocht ar son na haeráide.

*Ní féidir a mheas gurb é atá sa doiciméad seo seasamh oifigiúil an Choimisiúin Eorpaigh.*
*© An tAontas Eorpach, 2024*